



Polasaí Slándála agus Sábháilteachta

Más rud é go bhfuil difríocht idir a bhfuil scríofa as Gaeilge agus as Béarla sa pholasaí seo, glactar leis an leagan Gaeilge mar an leagan cruinn agus an leagan Béarla mar aistriúcháin.

Réamh ráiteas

Cuireadh an polasaí seo le chéile ag Foireann na Scoile, agus ag an Bhord Bainistíochta.

Faoin Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005, bíonn ar gach fostóir, in éineacht lena chuid fostaithe, ráiteas Sláinte agus Sábháilteachta a ullmhú, a thaispeáineann go bhfuil Bord Bainistíochta scoile ag glacadh le cúram sábháilteachta agus sláinte na scoile, agus a leagann amach eagrúchán agus na hachmhainní atá ag teastáil chun caighdeán áirithe a choimeád agus a athbhreithniú.

Tá nasc idir an polasaí seo agus gach polasaí scoile eile. Cé go luaitear roinnt polasaithe faoi leith sa pholasaí seo, glactar leis go mbaineann an polasaí seo leis na polasaithe agus nósanna imeachta eile nach bhfuil luaite sa doicméad seo freisin. Baineann an polasaí seo le gach duine a úsáideann foirgneamh na scoile.

Aidhmeanna

Is iad aidhmeanna an pholasaí seo:

- Ait shábháilte a chothú don phobal scoile. Déanfar seo trí ghuaiseanna gur féidir a aithint a réitiú gan mhoill agus na guaiseacha nach féidir a réiteach a mhairceáil agus nósanna imeachta a bhaineann leo a leagadh síos.
- Tuiscint a thabhairt faoi dhualgas na scoile maidir lena ról i gcúram na ndaltaí.
- Tá sé i gceist an pobal scoile a chosaint ó chontúirt fholaigh agus droch shláinte ar scoil.
- Nósanna imeachta agus deachleachtais a leagadh síos chun córais shábháilte oibre a chothú.
- Tá sé mar aidhm, chomh fada is féidir, cloí le h-aon reachtú ábharthach sláinte agus sábháilteachta, go háirithe sna critéir a leanas:
 - Áit oibre shábháilte a chur ar fáil.
 - Bealaigh isteach agus éalaithe sábháilte a bheith sa scoil.
 - Láimhseáil, úsáid agus storáil sábháilte de cheimicigh ghlantacháin.
 - Áiseanna sábháilte – iad a choimeád sábháilte agus cosaint oiriúnach á n-úsáid leo.
 - Áiseanna pearsanta oiriúnacha cosanta curtha ar fáil.



Oifigigh Sláinte agus Sábháilteachta

Is iad seo na hOifigigh Sláinte agus Sábháilteachta i nGaelscoil Eoin. Cuirfear ainmneacha na n-oifigeach in iúl do phobal na scoile trí ráiteas slándála a chur ar thaispeánt taobh amuigh d'oifig na scoile agus tríd an ráiteas 'bheith curtha in airde ar shuíomh idirlíon na scoile.

- Tá Bord Bainistíochta na scoile freagrach as gach gné a bhaineann le sláinte agus sábháilteacht scoile
- Beidh ar an mBord Bainistíochta oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta a roghnú gach bliain
AINM: Caomhán Mac Con Iomaire
- Beidh ar an bhfoireann Ionadaí Sláinte agus Sábháilteachta a roghnú gach bliain
- – **SARAH BARRY**
- Príomhoide na scoile. – **CRISTÍN NÍ CHAIREALLÁIN**

Polasáí

1. Nósanna imeachta i gcásanna éigeandála
2. Saincheisteanna Sláinte
3. Saincheisteanna Sábháilteachta agus Cúraim
4. Measúnú Guaiseacha (Measúnú Riosca)
5. Rólanna agus Freagrachtaí
6. Dáta á chur i gcrích
7. Critéir Ráthúlachta
8. Athbhreithniú
9. Daingniú

Nósanna imeachta i gcásanna éigeandála

A. Teagmháil a dhéanamh i gcás éigeandála

- Lorgaítear sonraí teagmhála ó gach tuismitheoir/caomhnóir ag am clárúcháin agus lorgaítear ainm duine eile freisin sa chás nach bhfuil tuismitheoir/caomhnóir ar bith ar fáil ag an am. Tá dualgas ar thuismitheoirí/chaomhnóirí na sonraí seo a thabhairt don scoil.
- Deimhnítear go bhfuil na sonraí seo i gceart ag tús gach scoilbhliana.
- Coimeádtar an t-eolas seo ar bhunachar sonraí na scoile.
- Bíonn cóip chrua na sonraí teagmhála ag an bpríomhoide. Coimeádtar iad seo in áit sábháilte.
- Coimeádann an príomhoide (agus príomhoide tánaisteach nuair is ann dó/di) sonraí teagmhála clainne de gach ball foirne i gcás práinne.

B. Druil Tine

Réamhullmhúcháin

- Cinntíonn na múinteoirí/feighlí/ oibrí iarchúraim scoile go bhfuil treallamh leictreach múchta gach lá
 - Tagann traenálaí chun taispeáint don fhoireann conas an trealamh múchta a úsáid, mar a oireann
 - Tá na bealaí éalaithe soiléir le solas ós cionn gach doras
 - Buaileann an t-aláram dóiteáin i ngach seomra ranga agus sna dorchlaí
 - Aithníonn gach páiste agus ball foirne fuaim an aláram
-



- Tá áit teacht le chéile faoi leith leagtha amach do gach rang taobh amuigh den fhoirgneamh. Tá fógra i ngach seomra chun na bealaí éalaithe a léiriú
- Déantar druil tine a chleachtadh uair gach téarma
- Déantar seic bliantiúl ar an treallamh múchta tine
- Tá treallamh múchta tine san oifig, sna dorchaí, sa halla agus i ngach seomra ranga
- Tá aláram deataigh i ngach seomra agus timpeall na scoile chun deatach a aimsiú
- Déantar monatóireacht ar an aláram tine ag comhlacht monatóireachta, agus déanann siad seirbhís ráithiúil ar an gcóras seo
- Deir an príomhoide nó Ionadaí Sláinte agus Sábháilteachta foirne nuair atá sé slán filleadh ar an scoil

An Druil

- Buailteann an t-aláram dóiteáin i ngach seomra ranga sa scoil
- Déantar líne sa rang
- Má tá páistí amuigh ón rang nuair a bhuaileann an alaram, téann siad go dtí an seomra ranga is giorra dóibh, téann siad amach leis an rang sin agus tugtar iad chuig an rang cuí
- Tógann an múinteoir a g(h)uthán amach leis/leí
- Déanann an múinteoir seic tapaidh sa leithreas ranga. Sa chás go bhfuil leithreas scoile ann, déanann an príomhoide na leithreis seo a sheiceáil.
- Siúlann na páistí amach go ciúin, **gan** málaí/cótaí a lorg, faoi stiúradh an mhúinteora
- Dúnann an múinteoir doras an tseomra ranga nuair atá gach duine amuigh
- Siúlann gach éinne amach go dtí an Ionad Tionóil Dóiteáin. Seasann gach rang ina líne féin
- Glaotar an rolla ranga
- Cinntíonn an príomhoide go bhfuil foireann na scoile uilig ann
- Cuireann an t-Ionadaí Sláinte agus Sábháilteachta foirne ceist an bhfuil gach duine i láthair
- Iarrtar ar gach éinne fanacht go ciúin
- Déanann an CRS a chinntiú go bhfuil aon dalta le riachtanais curáim faoina c(h)úram i láthair slán sábháilte. Beidh an CRS tuisceanach d'aon riachtanais faoi leith a bhaineann leis na céadfa (fuaim, tadhall) agus an t-aláram ag bualadh.

Moltaí don druil tine

- Beidh liosta iomlán na scoile ag an Ionadaí Sláinte agus Sábháilteachta foirne (sa rolla), ag an rúnaí agus ag an bpríomhoide
- Eagróidh an tIonadaí Sláinte agus Sábháilteachta foirne:
 - An Chéad Druil: Fógra a thabhairt don fhoireann roimhré
 - An Dara Druil: Fógra a thabhairt don fhoireann amháin ag tús na seachtaine
 - An Tríú Druil: Gan aon fhógra a thabhairt.
- Go dtomhasfadh an tIonadaí Sláinte agus Sábháilteachta an méid ama a thóg an druil agus go ndéanfar seo a thaifead.

Tar éis druil tine

- Déantar taifead ar an méid ama a thóg sé
- Pléitear an druil ag an gcéad chruinniú foirne eile



- Tugtar tuairisc don Bhord Bainistíochta faoin druil tine ag an gcéad chruinniú eile, pléitear aon mholtaí agus cuirtear i bhfeidhm iad más gá.

C. Timpistí Tromchúiseacha

Sa Chlós

Má bhíonn timpiste ag páiste sa chlós:

1. Déanann an múinteoir atá ar mhaoirseacht clóis cinneadh faoin bpáiste a chur isteach chuig an Rúnaí/an príomhoide.
2. Scríobhann an múinteoir tuairisc faoin timpiste ar leathanach timpiste.
3. Úsáidtear olann cadáis, uisce, bindealán, paca fuar más gá.
4. Déanann an príomhoide cinneadh glaoch a chur ar thuismitheoir/caomhnóir leis an bpáiste a thabhairt abhaile/chuig an dochtúir/ospidéal nó glaoch a chur le haghaidh otharcharr.
5. I gcásanna mar seo scríobhtar pé rud a rinneadh ar son an pháiste ar Leathanach Timpiste agus cuirtear seo chuig an bpríomhoide le síniú.

Munar féidir leis an bpáiste dul isteach ón gclós:

1. Cruthaítear spás slán mórthimpeall ar an bpáiste gortaithe.
2. Cuirtear fios ar an bpríomhoide/príomhoide tánaisteach chun aire a thabhairt don pháiste.
3. Déanann sé/sí cinneadh faoin riachtanas atá ann (glaoch a chur ar thuismitheoir/dochtúir/otharcharr).
4. Más gá don pháiste dul go dtí an t-ospidéal in otharcharr agus nach bhfuil thuismitheoir/caomhnóir ar fáil, téann an príomhoide/príomhoide tánaisteach leis an bpáiste agus fanann sé/sí leis an bpáiste go dtí go dtagann an thuismitheoir/caomhnóir.
5. Ról an CRS I gcás timpiste: Déanfaidh an CRS cúram den leanbh faoina c(h)úram i gcás timpiste a bhaineann leis an leanbh sin nó le haon pháiste eile sa chlós. Comhoibriú leis an mhúinteoir ar dhualgais chlóis.

Sa Rang

Má bhíonn timpiste sa rang:

1. Déanann an múinteoir cinneadh faoin bpáiste a chur chuig an bpríomhoide/rúnaí nó lorgaíonn sé/sí cabhair uathu.
2. Scríobhann an múinteoir tuairisc faoin timpist ar fhoirm timpiste.
3. Tugann an príomhoide/rúnaí garchabhair don pháiste, más gá.
4. Úsáidtear olann cadáis, uisce, bindealán, paca fuar más gá.
5. Déanann an príomhoide/príomhoide tánaisteach (nuair is ann dó/dí) cinneadh glaoch a chur ar thuismitheoir/caomhnóir leis an bpáiste a thabhairt abhaile/ chuig an dochtúir/ospidéal nó glaoch a chur ar otharcharr.
6. I gcásanna mar seo scríobhtar pé rud a deineadh ar son an pháiste ar an bhfoirm timpiste chomh maith agus cuirtear seo chuig an bpríomhoide (nó tánaisteach) le síniú.
7. Má bhíonn an CRS sa rang ag an am, tugann sé/sí cúnamh don mhúinteoir ranga a fhad is gur féidir leis an CRS fós tabhairt faoin chúraim don leanbh faoina c(h)úram. Is é príomhdhualgais an CRS ná do na páistí faoina c(h)uram, má bhíonn timpiste acu é sin a nótáil ar an bhfoirm timpiste.



Timpist ag Foireann na Scoile

1. Is gá an príomhoide/oifigeoir sláinte a chur ar an eolas.
2. Tugann an príomhoide/rúnaí/múinteoir garchabhair don mhúinteoir/baill foirne.
3. Déanann an príomhoide cinneadh glaoch a chur ar neasghaol chun an mhúinteoir a thabhairt abhaile/chuig an dochtúir/ospidéal nó glaoch a chur le haghaidh otharcharr.
4. I gcásanna mar seo scríobhtar pé rud a rinneadh ar son an mhúinteora/ball foirne ar an bhfoirm timpiste chomh maith.

Taifead & Tuairsciú:

Tá leabhar timpistí chlóis in aice leis an doras dearg ann chun timpistí a chlárú láithreach. Tá filteán timpistí in oifig an rúnaí. Tugtar foirmeacha timpiste do mhúinteoirí ag tús na bliana gur féidir leo a líonadh isteach agus a thabhairt don phríomhoide/phríomhoide tánaisteach le síniú sula dtéann siad isteach san fhilteán timpiste.

Más rud é nach féidir le múinteoir nó páiste bheith ar scoil ar feadh níos mó ná 3 lá tar éis na timpiste (deireadh seachtaine san áireamh), cuirfidh an príomhoide tuairisc ar aghaidh chuig an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta. Líontar an fhoirm timpiste ar líne ar ghréasán an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta (www.hsa.ie). Déanfar tuairisc chomh luath agus is féidir – láithreach, ar an bhfón, má mharaítear duine nó má timpist a bhféadfadh bheith marfach agus taobh istigh de choicís i gcomhair gach cinéal timpiste eile.

Coiméadtar tuaisicí ar thimpistí ar scoil a feadh 10 mbliana nó go dtí go sroicheann an páiste a 21ú breithlá.

D. Polasaí Theagmhais Chriticiúil

Leantar Treoirlínte NEPS.

Tá se mar aidhm ag Gaelscoil Eoin timpeallacht sábháilte a chur ar fáil do dhaltai agus d'fhoireann na scoile mar atá leagtha síos in Éiteas na Scoile. Tá sé mar aidhm againn Foireann Bainistíochta do Theagmhais Chriticiúla a chur ar bun leis an phlean seo a fhorbairt agus a thabhairt chun críche. Mar chuid den phlean, beidh gach duine ar an eolas faoi riachtanais bhreise a bheadh ar dhaltai. Beidh an CRS a bhaineann leis an dalta ar an eolas faoi aon riachtanais bhreise a thiofadh chun cinn agus in ann smaoineamh ar an dalta sin ar dtús I gcás teagmhais chriticiúil. Tá polasaí le Theagmhais Chriticiúil le dréachtú

E. Dúnadh eisceachtúil na scoile

Déanfaidh an príomhoide i gcomhairle le cathaoirleach an Bhoird Bhainistíochta an cinneadh an scoil a dhúnadh. Cuirfear ríomhphost chuig gach clann.

Más le linn am scoile, cuirfear in iúl cén fáth agus na treoracha maidir le páistí a bhailiú.

Más taobh amuigh d'uaireanta scoile (ar nós droch aimsir), cuirfear ríomhphost abhaile chomh luath agus is féidir.



Saincheisteanna Sláinte

A. Clárúcháin

Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí eolas faoi chúrsaí sláinte a chur in iúl don scoil ar an bhfoirm chlárúcháin. Meabhraítear dóibh gur gá aon athrú ar chúrsaí shláinte an pháiste a chur in iúl don scoil chomh luath is a thagann sé chun cinn. Níl an scoil freagrach muna gcuirtear in iúl dóibh faoi chúrsaí sláinte. Lorgaítear cead ó thuismitheoirí/chaomhnóirí gaoch a chur ar otharcharr/dochtúir ar an bhfoirm cheadaithe agus na páistí ag tosú ar scoil.

B. Páistí le fadhbanna sláinte faoi leith nó faoi mhíchumas

Déanfar an t-iarratas clárúcháin ó pháiste le fadhbanna sláinte nó faoi mhíchumas a phlé ag leibhéal an Bhoird chun fiosrú an féidir leis an scoil freastal ar riachtannais an pháiste seo.

Nuair a chláraítear páiste le fadhbanna sláinte faoi leith/faoi mhíchumas, lorgófar tuairisc liachta/tuairisc ar mheasúnaithe nó aon cháipéas eile ionas gur féidir leis an scoil tacaíochtaí a chur ar fáil.

Cuirfean an fhoireann uilig ar an eolas faoi na fadhbanna sláinte nó faoin mhíchumas. Tabharfar traenáil cuí don mhúinteoir ranga agus don fhoireann, más gá. Crochfar pictiúr agus eolas faoin bpáiste sa seomra foirne ionas go mbeidh gach duine ar an eolas faoi riachtannais shláinte an pháiste más gá.

C. Riaracháin cógais

Ní féidir le ball foirne ar bith leigheas a thabhairt gan údarás sainiúil an Bhoird Bhainistíochta.

D. Páistí tinn

Má bhíonn páiste ag mothú tinn sa rang:

1. Déanann an múinteoir cinneadh an bhfuil an páiste tinn go leor le cur abhaile.
2. Lorgóidh múinteoirí tuairim an phríomhoide muna bhfuil siad cinnte.
3. Cuireann an rúnaí/príomhoide gaoch ar na tuismitheoirí/chaomhnóirí.
4. Tagann an tuismitheoir/chaomhnóir/duine ainmnithe chun an páiste a bhailiú.
5. Is gá an páiste a shíniú amach.
6. Más páiste a bhfuil faoi chúram CRS é an páiste atá tinn, lorgeofar tuairim an CRS maidir leis an tinneas. Is minic a bhíonn aithne faoi léith ag an CRS ar pháiste.

E. Galar Tógálach

Is é polasaí an Bhoird Bhainistíochta go gcuirtear eolas faoi ghalar tógálach chuig an FSS agus go leantar na moltaí chun foireann na scoile agus na páistí a chosaint ó ghalair. Déanfaidh Bord Bainistíochta na scoile gach iarracht an baol a laghdú trí ghlantachas, sláinteachas agus díghalrú, láimhíní aon-úsáid a bheith ar fáil sa bhosca garchabhrach, &rl. Tá leithreas ar fáil le huisce te, galúnach, tuáille, bosca bruscair agus córas diúscartha pillíní sláintíocha.

F. Feithidí gruaige

1. Iarrtar ar thuismitheoirí/chaomhnóirí scéal a chur chuig na scoile má aimsíonn siad feithidí gruaige i ngruaig a bpáiste.
-



2. Nuair a chuirtear in iúl don scoil gur aimsíodh feithidí gruaige, cuirtear litir abhaile chuig tuismitheoirí/caomhnóirí ag míniú cad iad agus conas is féidir déileáil leo.
3. Má tharlaíonn sé arís, cuirtear litir mheabhrúcháin abhaile.

G. Sláinteachas

Is é freagracht an fheighlí/glantóir go bhfuil na rudaí seo a leanas i ngach seomra:

- gallúnach
- tuáille
- uisce te
- páipéar leithris
- bosca bruscair i ngach seomra ranga
- córas diúscartha pillíní sláintíocha i leithris na múinteoirí agus i leithris Rang a 3 go 6

Cinntíonn an feighlí agus an glantóir agus an Príomhoide go bhfuil na háiseanna sláintíochta sábháilte, oiriúnach, dóthanach agus glanta go rialta.

H. Garchabhar

Coimeádtar bosca garchabhrach sa seomra foirne. Moltar lámhainní sodhíolta a úsáid i gcónaí. Cinntíonn an Ionadaí Sláinte agus Sábháilteachta go bhfuil dóthan áiseanna iontu gach mí.

I. Lón sláintiúil

Ní ceadáitear cnónna sa scoil ar eagla ailéirge tromchúiseach a bheith ag páiste sa scoil. Moltar lón sláintiúil i nGaelscoil Eoin

J. Caitheamh Toitíní

Níl cead ag foireann na scoile, cuairteoirí nó tuismitheoirí/caomhnóirí toitín a chaitheamh ar láthair na scoile nó sa scoil.

K. Gloine Briste

Iarrtar ar fhoireann scoile cur in iúl don phríomhoide má fheiceann siad gloine briste ar an suíomh ionas gur féidir é a bhaint.



Saincheisteanna Sábháilteachta agus Cúraim

A. Páistí

1. Maoirseacht ar dhaltáí

Múinteoir as láthair (gan ionadaí ar fáil)

- Déanfaidh an príomhoide fógra roimh ré sa chaoi go mbeidh múinteoirí réidh le glacadh le breis páistí
- Caithfidh an múinteoir ranga obair a réitiú don lá go mbeidh sé/sí as láthair. Iarrtar ar mhúinteoirí obair bhreise do dhá lá a fhágáil sa seomra ar eagla go mbíonn siad tinn
- Socraíonn an múinteoir ranga, atá ag glacadh le páistí breise, áit cuí do na páistí breise atá ag teacht isteach don lá
- Glacann an múinteoir ranga, atá ag glacadh le páistí breise, leo mar chuid dá rang féin, agus bíonn siad freagrach astu don lá.

Ag taisteal ón gclós/chuig an gclós

- Bailíonn an múinteoir a rang ón gclós ag am sosa/lóin
- Siúlann an múinteoir lena rang go dtí an clós ag am sosa/lóin agus go dtí an doras cuí ag am dul abhaile
- Múintear/meabhraítear do na páistí, ag tús na scoilbliana, conas mar ba chóir dóibh iompar agus iad ag siúl timpeall na scoile agus nuair is cuí, dul suas nó síos an staighre.
- Siúilann an CRS leis an pháiste faoina c(h)úram.

Maoirseacht ar laethanta fliucha

Faoi láthair, tá an clárúchán beag go leor le gur féidir le gach páiste dul isteach sa halla ar lá fliuch, faoi stiúir an mhúinteora atá ar dhualgas chlóis agus an CRS ag tacú leo. Amach anseo, agus tuilleadh páistí sa scoil seo a leanas a bheas againn lá fliuch:

- Caithfidh na múinteoirí billeoga/cluichí srl. a réitiú do na páistí ar laethanta fliucha
- Déanfaidh an múinteoir/na múinteoirí ar an róta clóis maoirseacht ar na ranganna ag siúl ó sheomra go seomra
- Fanann an CRS sa seomra leis an pháiste / na páistí atá faoina c(h)úram.
- Déanfar athbhreithniú ar an gcleachtas seo de réir mar a fhásann an scoil.

2. Maoirseacht roimh/i ndiaidh am scoile

- Ní cheadaítear do na páistí spraoi sa chlós roimh nó tar éis am scoile.
- Tosaíonn an scoil ag 8.30r.n. gach lá. Oslófar an geata ag 8.25 agus cuirfear maoirseacht ar fáil don chúig nóiméad sin 8.25 go 8.30r.n. Ba chóir go mbeadh daltaí in am. Scaoilfear na páistí isteach sa scoil féin nuair a bhuaileann an clog. Tá gach tuismitheoir/caomhnóir freagrach as a bpáist(e)(i) féin roimh 8.25r.n.
- Críochnaíonn Naíonáin ag 1.10i.n. Críochnaíonn ranganna 1-6 ag 2.10i.n. Ní féidir leis an scoil freagracht a ghlacadh as daltaí i ndiaidh na hamantaí seo (ach amháin i gcás turasanna scoile nó gníomhaíochtaí iar-scoile faoi stiúir múinteora na scoile seo).
- Buailfidh an CRS leis an pháiste faoina chúram i gclós na scoile- nó ag geata na scoile, más sin an socrú atá déanta sa phlé idir foireann na scoile agus tuismitheoir (i) an pháiste

3. Cúairteoirí a thagann chun na scoile



- Iarrtar ar chuartheoirí coinne a dhéanamh roimh theacht chun na scoile, más féidir
- Caithfidh gach duine (tuismitheoirí/caomhnóirí san áireamh) a thagann chun na scoile labhairt leis an rúnaí nó ball foirne eile ar dtús
- Níl cead ag cuairteoir ar bith siúl tríd an scoil gan bualadh leis an rúnaí nó ball foirne ar dtús
- Is gá do gach cuairteoir síniú isteach agus amach. Tá foirm síniú isteach ag an doras.
- Dúnfar geata na scoile ag 8.40rn. Oslófar arís é ag 1.10in agus ag 2.10 in chun na páistí a scaoileadh amach ag am dul abhaile.

4. Sábháilteacht ar shuíomh na scoile

Múintear an Cód Sábhála agus sábháilteacht bóthair mar chuid den churaclam OSPS.

5. Páistí ag imeacht luath ón scoil

Is gá do thuismitheoirí/caomhnóirí nó duine ainmnithe bualadh isteach in oifig na scoile chun an páiste a shíniú amach. Ansin baileoidh an rúnaí/príomhoide an páiste ón rang. Ní scaoilfear an páiste amach le duine nach bhfuil ainmnithe ag na tuismitheoirí/caomhnóirí roimhré.

7. Cód Iompar & Polasaí Frith-Bhulaíochta

Ní ghlactar le hiompar mí-oiriúnach nó bulaíocht sa scoil seo. Féach: **Cód Iompar & Polasaí Frith-Bhulaíochta.**

8. Caomhnú Páistí

Tá sé mar dhualgas ar scoileanna an caighdeán aire is airde a thabhairt do na páistí chun leasa na bpáistí a chothú agus chun iad a choimeád slán. Tá an-seans go bhfeicfidh baill d'fhoireann na scoile nuair a thagann athruithe ar iompar an pháiste, nuair nach bhfuil an páiste ag déanamh dul chun cinn nó nuair atá comharthaí díobhála le feiscint. Chuir Múinteoirí agus Bord Bainistíochta na scoile an Polasaí Chaomhnú Páistí le chéile le léiriú conas mar a chuirtear Níosanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhuscoile, Roinn Oideachais agus Scileanna (ROS) 2023, Páistí ar dtús 2011 agus ciorcláin ón Roinn Oideachais agus Scileanna (an Roinn as seo amach) i bhfeidhm i nGaelscoil Eoin. Féach: Polasaí Um Chosaint Leanaí.

9. Turais Scoile

Leantar **Polasaí Turais Scoile** nuair a eagraíonn múinteoirí turas scoile nó imeacht ó láthair na scoile. Tá an polasaí turais scoile le dréachtú.

B. Foireann na Scoile

1. Grinnfhiosrúcháin

Mar chuid de chóras fostaíochta na Roinne, ní chuirfear aon duine i gceannas ar pháistí na scoile gan grinnfhiosrúcháin gardaí a bheith déanta orthu. I gcás múinteoirí, déanfar seo ag an gComhairle Mhúinteoireachta. I gcás fostaithe eile, déanfar seiceáil gardaí orthu tríd an



bhForas Pátrúnachta. Leantar na treoracha maidir le seiceáil na nGardaí leagtha síos i gcioclán 63/2010 ón Roinn Oideachais.

2. Dínit san Ionad Oibre

(a) Caidreamh dearfach Foirne

Tá sé mar dhualgas ag gach baill foirne atmasféar dearfach oibre agus sóisialta a chothú agus a bhuanú. Má bhíonn easaontú idir na baill foirne, déanfar gach iarracht an easaontú a réitiú, chomh luath agus is féidir, ag leanúint na struchtúir scoile atá leagtha síos:-

- Caidreamh Neamhfhoirmiúil-
 - Caint le chéile
 - An fhadhb a ainmniú
 - Réiteach a aimsiú
 - Céimeanna a chinntiú
 - Aidhmeanna réalaíoch a fhorbairt
 - Cúntas a choimeád
- Idirghabháil ón bpríomhoide
- Imscrúdú ó Bhord Bainistíochta na Scoile

Tá níos mó eolais ar fáil i lámhleabhar Bord Bainistíochta CPSMA & lámhleabhar CMÉ “Working Together”.

(b) Bulaíocht/ Ciapadh

Ní ghlactar le hiompar mí-oiriúnach nó bulaíocht sa scoil seo.

(c) Strus

Tarlaíonn strus nuair nach féidir le duine aghaidh a thabhairt ar na tascanna atá os a chomhair. Má mhothaíonn ball foirne strus de bharr ró-éilimh orthu nach féidir leo déileáil leis, tá na rudaí seo a leanas ar fáil:

- Tá Clár Tacaíochta Fostaithe ar fáil do mhúinteoirí agus don phríomhoide trí CMÉ
- Déantar athbhreithniú ar an méid oibre atá ann d’fhoireann bhainistíochta na scoile ionas go bhfuil cothromaíocht i gceist ag brath ar an leibhéal ar a bhfuil siad
- Cinntíonn Bord Bainistíochta na scoile go bhfuil cothromaíocht i gceist le dáileadh a chuid oibre féin.

(d) Ionsaí ar fhoireann na scoile

Nuair a airíonn fostaí mí-chompordach nó i mbaol ó aon duine timpeall na scoile, ba cheart é seo a chur in iúl don Bhord Bainistíochta. Déanfaidh an Bord Bainistíochta gach rud gur féidir leis chun fostaithe a chosaint. Ba cheart na treoracha seo leanas a ghlacadh má tharlaíonn ionsaí ar aon duine:

- Ba cheart an eachtra a thuairisciú don phríomhoide/múinteoir eile ar an bpointe
 - Ba cheart mion tuairiscí an eachtra a choinneáil ar fhoirm timpiste coinnithe go speisialta sa scoil. Má scanraítear nó má bhagraítear go fisiciúil ar aon duine, ba cheart é seo a thuairisciú freisin
 - Nuair is gá, cuirtear glaoch ar na Seirbhísí Slándála
-



- Ba cheart tuairisc a thabhairt do na Gardaí, más gá. De ghnáth, is é an t-íobartach a dhéanann sin
- Ba cheart an Bord Bainistíochta a chur ar an eolas faoin eachtra agus cruinniú éigeandála a thionól. Cuirfidh an Bord a dlíodóirí agus an Comhlacht Árachais ar an eolas.

Sa gcás gurb é dalta na scoile a rinne an t-ionsaí, caithfear é a láimhseáil de réir Cód Iompar na scoile agus de réir Riail 130(5) de Rialacha na Scoileanna Náisiúnta.

Ba cheart daltaí a bhíonn ionsaitheach go minic a chur faoi scrúdú siceolaíochta, le cead ó thuismitheoirí/chaomhnóirí, chun measúnú a dhéanamh ar riachtanais sóisialta nó mothúchánacha an pháiste agus an bealach is fearr le deileáil leo.

Nuair a tharlaíonn eachtra ionsaitheach le thuismitheoir/caomhnóir caithfear a chur in iúl dó/di, ó bhéal agus i scríbhinn, gan teagmháil a dhéanamh leis an mbaill foirne go ndéanfaidh an Bord Bainistíochta fiosriuchán agus cinneadh maidir leis an eachtra céanna.

Ba cheart iarratais chead scoir ó aon duine a ionsaíodh a chur ar aghaidh go dtí an Roinn Oideachais agus Scileanna. Pléifear gach cás de réir mar a thuilleann sé.

3. Traenáil

Glacann an Bord Bainistíochta leis go mbeidh an traenáil, teagasc agus eolas ar fáil ag gach fostaí ar son a leasa agus a s(h)láinte ar scoil. 'Sé an Bord Bainistíochta atá freagrach as sin.

Tá sé glactha mar chúram ag an mBord Bainistíochta an cúrsa traenála atá ag teastáil a fhiosrú, é a chur ar fáil agus féachaint chuige go bhfuil gach duine iniúil ó thaobh cúrsaí slándála de.

Cuirfear cúrsa garchabhrach ar fáil do bhaill foirne. Beidh cúrsaí traenála curtha ar fáil maidir le dóiteáin agus úsáid fearas dóiteáin mar is cuí. Cuirtear cosc dóiteáin agus nósanna éalaithe mar chuid de chúrsa ionduchtaithe do bhall foirne nua. Beidh an fhoireann ar fad freagrach as ár nósanna éalaithe agus slándála.

Beidh cúrsaí breise traenála de réir mar a theastaíonn siad ó am go ham. Is féidir na cúrsaí seo bheith sa scoil nó in áit feiliúnach taobh amuigh.

Tuigtear go maith go bhfuil sé tábhachtach bheith faireach i gcónaí chun timpeallacht na scoile a choinneáil slán agus go gcuideann traenáil na foirne é seo a chur i gcrích.

4. Foireann faoi chúram dochtúra

Ba chóir d'aon duine atá faoi chúram dochtúra nó atá ar chógas leighis, ach atá ceadaithe chun freastal ar an obair, eolas a thabhairt faoi aon fho-iarsma a d'fhéadfadh a bheith ann nó aon mhí-chumas sealadach a chuirfeadh isteach ar a c(h)uid oibre nó a chuirfeadh é/í nó aon duine eile i mbaol. Tabharfaidh an scoil obair oiriúnach le déanamh idir an dá linn.



5. Drugaí agus Alcól

Níl cead ag an bhfoireann ná ag dalta bheith sa bhfoirgneamh ná bheith i mbun a c(h)uid dualgaisí le teann alcóil nó drugaí. D'fhéadfaí aon duine a bhriseann an riail seo a chur faoi ghníomh smachta.

C. Fearas agus Ábhair Oibre

1. Innealra, Trealamh Cistine agus Fearas

Beidh innealra, trealamh cistine agus fearas leictreach in úsáid ag daoine atá oilte agus údaraithe agus acu siúd amháin. Déantar seiceáil go rialta ar an trealamh agus an fearas agus cothabháil a dhéanamh orthu ag teicneoir oilte.

2. Ceimeacáin

Tá ceimeacáin, dúch don mheaisín fótaicóipeála agus ábhar glantúcháin stóráilte i soithigh le lipéad eolais soiléir orthu. Beidh siad faoi ghlas nuair nach bhfuil siad in úsáid. Is iad príomhoide, glantóir, rúnaí agus feighlí na scoile a bhaineann úsáid astu.

3. Téamh & Aeráil

Déantar seirbhísiú ar an gcóras teasa, agus cothabháil cuí air más gá. Tá dallóga ar gach fuinneog ionas nach bhfuil páistí nó múinteoirí ag obair faoi sholas díreach gréine.

Is féidir fuinneoga a oscailt go héasca, le haghaidh aeráil chuí. Osclaíonn siad ar mhéad atá sábháilte do pháistí. Níor chóir go mbeadh páistí ag oscailt nó ag dúnadh fuinneoga.

4. Foirgneamh na Scoile

Tá an PO agus an feighlí freagrach as súil a choimeád go bhfuil gach rud san fhoirgneamh mar ba chóir, nach bhfuil aon damáiste déanta orthu. Tabharfaidh an PO isteach cúnamh ó ghrúpaí/daoine proifisiúnta nuair is cui. I measc na rudaí a dhéantar seiceáil rialta orthu, tá:

- Doirse
- Soilse
- Urláir
- Leithris
- Fuinneoga
- Earraí Leictreacha

Má aimsíonn an feighlí / PO aon bhaol nó damáiste ar bith, déanann sé taifead de. Go dtí go mbeidh feighlí ag Gaelscoil Eoin, coinneoidh an príomhoide súil ar na nithe thuas agus lorgóidh sí saineolaí chun aon ní a chur i gceart más gá.

5. Soilsíú

Tá an PO agus an feighlí freagrach as seiceáil:

- go bhfuil feistithe solais ag obair agus go gcoimeádtar glan iad
- nach bhfuil lascanna solais briste agus go bhfuil dealramh sábháilte orthu.

Plugáí, Soicéid agus Sreanganna



Tá an PO agus an feighlí freagrach as seiceáil:

- go bhfuil plugaí i ndea-riocht gan scoilteanna nó píosaí in easnamh
- go bhfuil soicéid i ndea-riocht gan scoilteanna nó píosaí in easnamh
- go bhfuil soicéid, scriúanna agus gléasanna daingean
- go bhfuil soicéid lonnaithe go sábháilte, áit ar féidir an trealamh a úsáid gan baol taise
- go bhfuil na soilse táscaire ar na soicéid ag oibriú i gceart
- nach bhfuil an inliú ar shreanganna scoiltithe nó caite
- nach bhfuil snaidhmeanna nó ceangail sna sreanganna agus nach mór gan casadh ('kinks') iontu
- go bhfuil sreanganna den fhaid ceart don trealamh i gceist
- nach bhfuil sreanganna ag gobadh amach
- go bhfuil sreanganna agus cáblaí ceangailte go daingean ag an dá thaobh de threalamh agus pluga.

Trealamh agus Troscáin Scoile

Tá an PO i bpáirt leis an fheighlí freagrach as seiceáil:

- nach bhfuil trealamh socraithe agus soghluaiste lochtach agus go bhfuil an trealamh, chomh fada agus is eol dóibh ag obair i gceart
- gur féidir teacht gan dua ar chóipeanna de threoracha na ndéantóirí/lámhleabhair úsáideoirí
- nach n-úsáidtear trealamh ach don chuspóir beartaithe
- go múchtar trealamh leictreach agus go ndíphlugáiltear é fad is nach bhfuil sé in úsáid.

6. Ríomhairí agus Fearas TFC

Leanfar na moltaí atá leagtha i dtreoilínte Udaráis Sláinte agus Sábháilteachta maidir le húsáid cuí aonaid taispeána físe. Má tá eolas breise ar fáil maidir le baol ar bith a bhaineann le húsáid ATF, déanfar staidéar air agus cuirfear i bhfeidhm aon mholtaí.

Measúnú Guaiseacha

Déantar athbhreithniú ar mheasúnú guaiseacha ag tús na scoilbliana gach bliain ag príomhoide na Scoile, Ionadaí Sláinte agus Sábháilteacht an Bhoird agus Ionadaí Sláinte agus Sábháilteacht Foirne.

Rólanna agus Freagrachtaí

Bord Bainistíochta

Beidh an Bord freagrach as:

- Áit oibre atá slán a chur ar fáil agus a choiméad slán
- Cúrsaí oibre a riarú a dheineann deimhin de go bhfuil fostaithe slán, sláintiúil agus socair
- Cinntiú go ndéantar measúnú guaiseacha agus go mbaintear nó go laghdaítear aon bhaol a aithnítear más féidir
- Ráiteas/Polasaí slándála a ullmhú agus a choinneáil suas chun dáta go mórmhór nuair a bhíonn athruithe móra agus leagan amach an riosca as dáta. Déanann an Bord uasdátú ar an Ráiteas Slándála ag tús gach scoilbhliain agus cuirfear in airde í taobh amuigh d'oifig na scoile



- Treoracha a ullmhú agus a coinneáil suas chun dáta d'ócáid práinne agus iad a chur in iúl don bhfoireann
- Duine ábalta a chur i mbun dualgaisí an Bhoird maidir le Sláinte agus Slándáil
- Traenáil, ionduchtú agus eolas atá oiriúnach a chur ar fáil, le leagan amach agus i dteanga atá oiriúnach d'fhostaithe
- I gcás drochthimpistí, iad a chur in iúl don Údarás Slándála agus Sábháilteachta
- Dul i gcomhairle leis an bhfoireann gach bliain agus iad a chur ar an eolas maidir le cúrsaí slándála agus sabháilteachta
- Cinntiú go bhfuil ráiteas slándála ag aon chonraitheoir a dhéanann obair sa scoil. (m.sh. péintéirí, glantóirí, comhlachtaí bus, agus ar uile)
- Áit slán chun eolas agus sonraí pearsanta a choimeád.

Ionadaí Slándála agus Sábháilteachta an Bhoird

Beidh an duine seo freagrach as:

- Pleanáil agus cur i gcrích caighdeáin slándála agus sábháilteachta éifeachtach sa scoil, ag comhoibriú leis an bpríomhoide
- Airgead agus áiseanna a fháil ón mBord Bainistíochta chun an polasaí slándála a chur i gcrích
- Scrúdú a dhéanamh go rialta ar éifeacht an Pholasaí Slándála agus Sábháilteachta
- Comhairle agus cabhair a fháil mar a theastaíonn agus tabhairt faoi aon tuairisc a fhaigheann sé/sí
- Gach timpiste agus gníomh contúirteach a scrúdú le cabhair ó Chomhairleoirí Slándála ón taobh amuigh, más gá
- Cinntiú go bhfuil traenáil garchabhrach ar fáil dóibh siúd atá ina bhun sa gcaoi go mbeidh siad suas chun dáta i gcónaí chun a gcuid dualgaisí a chomhlíonadh
- Dul i dteagmháil le hIonadaí Slándála agus Sábháilteachta foirne chun ráiteas slándála a ullmhú, an chontúirt agus an riosca a mheas faoi chuid 19 agus 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
- Déan cinnte go bhfuil cúrsaí slándála curtha san áireamh ag conraitheoir a bhíonn ag obair sa scoil agus go gcomhlíonann siad rialacha slándála agus sábháilteachta
- Dea-chleachtas slándála a bhaineann leis an obair atá idir lámhe acu.

Foireann na scoile

Beidh foireann na scoile freagrach as:

- Oifigeach sláinte agus slándála foirne a ainmniú
- Iompar mar is cóir sa chaoi nach gcuirfear tú féin ná aon duine eile i mbaol
- Freastal ar thraenáil a bhaineann le cúrsaí slándála agus sábháilteachta agus úsaid cheart a bhaint as fearas na scoile
- Úsaid a bhaint as éadach agus fearas cosanta atá ar fáil
- Gan bheith faoi thionchar substaint ar bith sa chaoi go gcuirfear iad féin nó aon duine eile i mbaol. Iad féin ar fáil chun scrúdú le haghaidh substaintí a dhéanamh de réir mar a leagtar síos faoi fhorálacha aon reachtaíocht a bheadh i bhfeidhm sa scoil
- Comhoibriú leis an bpríomhoide agus le daoine eile sa gcaoi go gcloífear le reachtaíocht Slándála agus Sábháilteachta
- Nós nó gníomh contúirteach a chur in iúl don duine cuí



- Gan cur isteach ar, ná drochúsáid a bhaint as, fearas slándála na scoile
- Inseacht don príomhoide má tá galar nó breoiteacht orthu a chuirfeadh le contúirt.
- Beidh an dalta faoina c(h)úram chun tosaigh i gcónaí i bhfreagrachtaí an CRS maidir le sláinte agus sábháilteacht ar Ghaelscoil Eoin.

Ionadaí Sábháilteachta na Foirne

Beidh an duine seo freagrach as:

- Dul i dteagmháil leis an bpríomhoide thar ceann foirne maidir le cúrsaí Slándála agus sábháilteachta
- An t-ionad oibre a chur faoi scrúdú ar sceideal socraithe leis an bpríomhoide nó díreach tar éis timpiste, ócáid nó contúirt a chuireann slándáil nó sábháilteacht aon duine i mbaol
- Traenáil ceart a fháil
- Timpistí agus ócáidí baolacha a chur faoi scrúdú
- Gearáin ón bhfoireann a chur faoi scrúdú
- Dul le cigire i mbun mionscrúdú ar an scoil, taifead a dhéanamh ar mholtaí agus na moltaí céanna a chur ar aghaidh chuig príomhoide/Bord Bainistíochta na scoile
- Dul i dteagmháil leis an bpríomhoide maidir le cúrsaí slándála agus sábháilteachta
- Dul i dteagmháil leis an gcigire slándála agus sábháilteachta agus eolas a lorg, más gá.
- Comhoibriú le hionadaí sábháilteachta eile.

Príomhoide na Scoile

Tá an príomhoide freagrach as:

- Caighdeán éifeachtach slándála agus sábháilte a chur i bhfeidhm sa scoil bunaithe ar chuspóirí réamh-aontaithe agus is gá go dtógtar na caighdeáin shlándála agus shábháilteachta san áireamh ag leibhéal pleanála, riaracháin agus comhthabhála agus in eagrú oibre go ginearálta
- Cinntiú go bhfuil an t-eolas cruinn agus traenáil oiriúnach curtha ar fáil d'fhoireann na scoile ionas gur féidir leo an post atá acu a dhéanamh go héifeachtach, gur féidir leo na spriocanna oibre a bhaint amach gan comhghéilleadh a dhéanamh ar riachtannais shlándála agus shábháilteachta
- Cinntiú go storáiltear eolas agus sonraí pearsanta in áit cuí
- Airgead agus áiseanna a lorg ón mBord Bainistíochta chun cinntiú gur féidir an polasaí seo a chur i bhfeidhm
- Athbhreithniú a dhéanamh ar éifeacht an pholasaí seo
- Comhairle agus cúnaimh a lorg nuair is gá agus nuair a thagann aon deacracht chun solais
- Cinntiú go bhfuil cumarsáid éifeachtach ann ionas go bhfuil eolas ag foireann na scoile maidir le caighdeán slándála agus sábháilteachta, maidir le timpistí agus aon ní a bhaineann le cúrsaí slándála agus sábháilteachta agus go ndéantar uasdátú ar an gcóras cumarsáide seo
- Cinntiú go gcuirfead tacaíocht ar fáil do bhall foirne a bhfuil tacaíocht uathu chun socraithe cearta a dhéanamh i gcúrsaí slándála agus sábháilteachta
- Pleanáil agus tabhairt faoi gach gníomh de réir mar atá luaite sna treoracha sa Ráiteas Slándála
- Cur faoi scrúdú gach timpist agus eachtra contúirteach in éineacht le Comhairleoirí Slándála más gá
- Cinntiú go bhfuil traenáil garchabhrach curtha ar fáil agus go bhfuil dóthain daoine oilte chun na dualgaisí a chomhlíonadh mar is cóir



- Dul i gcomhairle leis an bhfoireann maidir le ráiteas slándála, contúirtí a aimsiú agus a mheas, faoi chuid 19 agus 20 den Acht um Shábháilteacht, Sláinte agus Leas ag an Obair 2005
- Féachaint chuige go bhfuil eolas ag gach duine faoina d(h)ualgaisí féin agus go ndéanann siad iad a chomhlíonadh mar is cóir de réir Pholasáí Slándála agus Sábháilteachta na scoile
- Féachaint chuige go dtuigeann gach conraitheoir a oibríonn sa scoil cúrsaí slándála, ag déanamh tagairt faoi leith do pháistí i dtimpeallacht na scoile agus go gcomhlíonfar rialacha agus códanna slándála ina gcuid oibre
- Féachaint chuige, chomh fada agus is féidir, go mbeidh fearas agus ábhartha na scoile ar an gcaighdeán luaite sa pholasáí seo
- Féachaint go bhfuil an Polasáí Slándála agus Sábháilteachta le fáil ag an bhfoireann agus ag daoine oiriúnacha eile.

Daltaí Scoile

Tá na páistí freagrach as:

- Cloí le rialacha scoile agus treoracha na múinteoirí
- Aon bhaol a aimsíonn siad a sheachaint
- Aon bhaol a aimsíonn siad a chur in iúl do mhúinteoirí
- Imeachtaí bulaíochta a chur in iúl do mhúinteoirí
- Meas a léiriú d'fhoireann scoile, do pháistí eile agus do thimpeallacht na scoile.

Tuismitheoirí/Caomhnóirí

Tá na tuismitheoirí/caomhnóirí freagrach as:

- Sonraí teagmhála a thabhairt don scoil
- An scoil a choimeád ar an eolas faoi athruithe sna sonraí seo
- Aire a thabhairt dá bpáistí féin ar an suíomh go dtí go n-osclaíonn an scoil ar 8.30rn
- Na páistí a bhailiú in am um thráthnóna
- Aon bhaol a aimsíonn siad a sheachaint
- Aon bhaol a aimsíonn siad a chur in iúl do mhúinteoirí
- Riachtanais speisialta/fadhbanna sláinte a chur in iúl don scoil
- Cásanna bulaíochta scoile a thagann chun solais sa bhaile a chur in iúl do mhúinteoirí
- Cloí le treoracha scoile (m.sh. pairceáil)
- Meas a bheith acu ar na teorainn proifisiúnta agus tuiscint go bhfuil saol pearsanta ag na múinteoirí
- Meas a léiriú d'fhoireann, do pháistí agus do thimpeallacht na scoile.

Cur i gcrích

Tá foireann iomlán na scoile, faoi stiúir an Bhoird Bhainistíochta, freagrach as ucht an polasáí a chur i bhfeidhm. Cinnteoidh an príomhoide agus an t-ionadaí foirne slándála agus sábháilteachta go bhfuil gach ball den fhoireann ar an eolas faoin bpolasáí.

Critéir Ráthúlachta

Aiseolas á fháil ón bhfoireann, tuistí, daltaí srl. le feiceáil conas mar atá an polasáí ag obair.

GAELSCOIL EOIN
Plás Haddington
Droichead na Dothra
Baile Átha Cliath 4
D04 CP27



F: (085)1321203
R: oifig@gaelSCOILEOIN.ie
www.gaelSCOILEOIN.ie
Uimhir Rolla: 20539M

Athbheithniú

Athbheithniú ar an bpolasaí seo de réir mar cuí.

Daingniú

Daingnithe ar an 30 Eanáir 2024

Cathaoirleach:

Dáta: 30/01/2024

Príomhoide:

Dáta: 30 /01/2024



Health and Safety Policy

Should there be any discrepancy between the Irish and English in this policy, it is accepted that the Irish is the correct version and the English is provided as a translation.

Introduction

This policy was formulated in consultation with the school staff, Board of Management.

Under the Safety, Health and Welfare at Work Act 2005, it is a legal requirement for every employer, together with school staff, to prepare a Health and Safety Statement. It represents the Board of Management's commitment to safety and health, and specifies the manner, organisation and resources necessary for maintaining and reviewing standards.

All school policies link to this Health and Safety Policy. Although some specific policies are individually mentioned within this document, it is understood that this policy also pertains to those school policies and procedures not referenced within this document. This policy pertains to all those using the school building.

Aims

The aims of the policy are:

- *To create a safe workplace for the school community. This will be achieved by identifying and tackling risks that can be prevented and by highlighting and outlining procedures for risks that cannot be prevented.*
 - *To provide understanding of the school's duty of care towards the pupils.*
 - *To protect the school community from potential accidents and ill health in school.*
 - *To outline procedures and practices in place to promote safe systems of work.*
 - *It aims, so far as is reasonably practicable, to comply with all relevant health and safety legislation, to include the following areas:*
 - *Provision of a safe workplace*
 - *Safe entrance and exit routes*
 - *Safe handling, usage and storage of cleaning chemicals*
 - *Safety equipment including maintenance and use of appropriate guards*
 - *Provision of appropriate personal protective equipment*
-



Health and Safety Officers

Below are the Health and Safety Officers in Gaelscoil Eoin. Their names will be displayed in the health and safety statement that will be displayed outside the school office.

- *The Board of Management has responsibility for all aspects of school health and safety*
- *The Board of Management must designate a Health and Safety Officer every year*
NAME: Caomhán Mac Con Iomaire
